Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14854/24**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0268(NLE)**

**AGRI 761**
**RELEX 1328**
**FORETS 242**
**DEVGEN 157**
**ENV 1036**
**PROBA 38**
**SUSTDEV 112**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 485 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe a bhunú agus na nósanna imeachta oibre um eadráin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 485 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 485 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.10.2024
COM(2024) 485 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an Togra le haghaidh*

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine maidir le forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, rialachas agus trádáil i dtáirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste Faireacháin agus Athbhreithnithe a bhunú agus na nósanna imeachta oibre um eadráin**

GA GA

**CINNEADH Uimh. ………..**

**ó CFAA lena nglactar na Nósanna Imeachta Oibre um Eadráin dá dtagraítear in Airteagal 26 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ghuáin**

TÁ CFAA,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ghuáin, a svíníodh in Montréal, Ceanada, an 15 Nollaig 2022, agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2023, agus go háirithe Airteagal 26 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Déantar foráil leis an gComhaontú go nglacfaidh CFAA Nósanna Imeachta Oibre um Eadráin,

TÁ CFAA TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

1. Glactar leis seo na Nósanna Imeachta Oibre um Eadráin i gcás réiteach díospóidí faoin gComhaontú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.
2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an ….

Arna dhéanamh i/in/sa/san…

# IARSCRÍBHINN

## NÓSANNA IMEACHTA OIBRE UM EADRÁIN

# Roinn I. Forálacha tosaigh

***Airteagal 1***

**Raon feidhme an chur i bhfeidhm**

1. Leis na Nósanna Imeachta Oibre seo um Eadráin, forlíontar agus soiléirítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Saorálaí, dá ngairtear an Comhaontú anseo feasta, idir an tAontas Eorpach, dá ngairtear an tAontas anseo feasta, agus Comharphoblacht na Guáine, dá ngairtear an Ghuáin anseo feasta, go háirithe Airteagal 26 de maidir le headráin.

2. Is é is aidhm do na Nósanna Imeachta Oibre sin um Eadráin Páirtithe a chur ar a gcumas díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn eatarthu i ndáil le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach trí shásra eadrána.

***Airteagal 2***

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Nósanna Imeachta Oibre sin um Eadráin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- ciallaíonn 'painéal eadrána' painéal arna bhunú faoi Airteagal 26.1 den Chomhaontú;
- ciallaíonn 'eadránaí' comhalta den phainéal eadrána;
- ciallaíonn 'páirtí is déantóir gearáin' an Páirtí a iarrfaidh painéal eadrána a bhunú faoi Airteagal 26.1 den Chomhaontú;
- ciallaíonn 'freagróir' an Páirtí eile;
- ciallaíonn 'ionadaí Páirtí' fostaí nó aon duine aonair arna cheapadh ag Páirtí a dhéanann ionadaíocht don Pháirtí sin chun críoch díospóide faoin gComhaontú;
- ciallaíonn 'lá' lá féilire mura sonraítear a mhalairt;
- ciallaíonn 'tríú páirtí' Páirtí nach páirtí díospóideach é, ach a ghlacann páirt sna himeachtaí eadrána;
- ciallaíonn 'Biúró Idirnáisiúnta' Biúró Idirnáisiúnta na Buanchúirte Eadrána;

- ciallaíonn ‘rialacha BCE’ na rialacha a bhaineann le rialacha eadrána 2012 na Buanchúirte Eadrána, a bhfuil éifeacht leo ón 17 Nollaig 2012, lena n-áirítear aon leasú ina dhiaidh sin;
- ciallaíonn ‘údarás ceapacháin BCE’ údarás na Buanchúirte Eadrána a shainaithnítear i rialacha BCE mar údarás atá freagrach as eadránaithe a cheapadh i gcomhréir le rialacha BCE.

### *Airteagal 3*

### An dlí is infheidhme

1. Cuirfidh an painéal eadrána an Comhaontú i bhfeidhm mar a léirmhínítear i gcomhréir le Coinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí, agus le conarthaí, rialacha agus prionsabail eile an dlí idirnáisiúnta is ábhartha don díospóid agus is infheidhme idir na Páirtithe.

2. D’ainneoin mhír 1, i gcás ina ndéanann díospóid a cuireadh faoi eadráin ceist a thabhairt ar aird maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm forála den Chomhaontú a shainmhínítear trí thagairt d’fhoráil de dhlí náisiúnta Páirtí, féadfaidh an painéal eadrána dlí náisiúnta an Pháirtí a mheas, de réir mar is iomchuí, mar ábhar fíorais. Ar an mbealach sin, leanfaidh an painéal eadrána an léirmhíniú atá i réim a thabharfaidh cúirteanna nó údaráis an Pháirtí sin don dlí náisiúnta. Aon léirmhíniú a thugann an painéal eadrána ar an dlí náisiúnta, ní bheidh sé ina cheangal ar chúirteanna ná ar údaráis an Pháirtí sin.

### *Airteagal 4*

### Fógraí

1. Seolfar aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile de chuid an phainéil eadrána chuig an dá Pháirtí agus, i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, chuig an mBiúró Idirnáisiúnta an tráth céanna.

   Déanfar aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad de Pháirtí a dhírítear chuig an bpainéal eadrána a chóipeáil chuig an bPáirtí eile agus, i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, chuig an mBiúró Idirnáisiúnta an tráth céanna.

   Déanfar aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile de Pháirtí a dhírítear chuig an bPáirtí eile a chóipeáil chuig an bpainéal eadrána agus, i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí, chuig an mBiúró Idirnáisiúnta an tráth céanna.

2. Déanfar aon fhógra dá dtagraítear i mír 1 trí ríomhphost nó, i gcás inarb iomchuí, trí aon mhodh cumarsáide eile lena soláthraítear taifead gur seoladh an fógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar dháta a sheolta.

3. I gcomhréir le hAirteagal 22 den Chomhaontú, díreofar na fógraí uile chuig an Aire atá freagrach as Airgeadas le haghaidh na Guáine agus chuig Ceann Thoscaireacht an Aontais sa Ghuáin thar ceann an Aontais.
4. Mionearráidí de chineál cléireachais in aon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile a bhaineann le himeachtaí an phainéil eadrána, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh, ar doiciméad é ina léireofar go soiléir na hathruithe.
5. Más lá saoire poiblí de chuid na Guáine nó an Aontais é an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, measfar gur seachadadh an doiciméad an chéad lá gnó eile.

***Airteagal 5***

**Ionadaithe**

Féadfaidh a rogha daoine ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na bPáirtithe nó cúnamh a thabhairt dóibh, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta inmheánacha. Ní mór ainmneacha agus seoltaí na ndaoine sin a chur in iúl i scríbhinn don Pháirtí eile, lena n-áirítear cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an ceapachán chun críoch cúnaimh nó ionadaíochta.

## Roinn II. Bunú an phainéil eadrána

***Airteagal 6***

**Ceapadh na n-eadránaithe**

1. Faoi réir mhír 5, ceapfaidh gach Páirtí eadránaí amháin. Roghnóidh an bheirt eadránaithe a cheapfar ar an mbealach sin an tríú headránaí a ghníomhóidh mar eadránaí ceannais an phainéil eadrána.
2. Más rud é, laistigh de 30 lá tar éis fógra páirtí a fháil faoi eadránaí a cheapadh, nach mbeidh fógra tugtha ag an bpáirtí eile don chéad pháirtí faoin eadránaí atá ceaptha aige, féadfaidh an chéad pháirtí iarraidh ar an mBiúró Idirnáisiúnta an dara headránaí a cheapadh. Ceapfaidh údarás ceapacháin BCE an dara headránaí a luaithe is féidir.
3. Más rud é, laistigh de 30 lá tar éis an dara headránaí a cheapadh, nach mbeidh rogha an tríú headránaí comhaontaithe ag an mbeirt eadránaithe, féadfaidh na Páirtithe iarraidh ar an mBiúró Idirnáisiúnta, faoi réir mhír 5, an tríú headránaí a cheapadh i gcomhréir le rialacha BCE is infheidhme. Ceapfaidh údarás ceapacháin BCE an tríú headránaí a luaithe is féidir. Agus an ceapachán á dhéanamh aige, úsáidfidh údarás ceapacháin BCE an liosta nós imeachta seo a leanas:

    (a) Cuirfidh údarás ceapacháin BCE liosta comhionann ina mbeidh trí ainm ar a laghad in iúl do gach ceann de na páirtithe;

(b) Laistigh de 15 lá tar éis an liosta sin a fháil, féadfaidh gach páirtí an liosta a chur ar ais chuig an mBiúró Idirnáisiúnta, gan an páirtí eile a chóipeáil, tar éis dó an t-ainm nó na hainmneacha a gcuireann sé ina n-aghaidh a scriosadh agus na hainmneacha eile ar an liosta a uimhriú in ord a thosaíochta;
(c) Tar éis don tréimhse ama thuasluaite dul in éag, ceapfaidh údarás ceapacháin BCE an tríú headránaí as na hainmneacha atá formheasta ar na liostaí a cuireadh ar ais chuige agus i gcomhréir leis an ord tosaíochta arna chur in iúl ag na páirtithe;
(d) Más rud é, ar chúis ar bith, nach féidir an ceapachán a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta sin, féadfaidh údarás ceapacháin BCE a rogha a fheidhmiú maidir leis an tríú headránaí a cheapadh.

4. Agus eadránaithe á gceapadh acu, tá de shaoirse ag na Páirtithe agus ag údarás ceapacháin BCE daoine a roghnú ar Comhaltaí den Bhuanchúirt Eadrána iad.
5. Agus eadránaithe á gceapadh acu, ní roghnóidh na Páirtithe agus údarás ceapacháin BCE daoine atá ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh nó ina seirbhísigh eile d’institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit san Aontas nó de Rialtas na Guáine.

### *Airteagal 7*

### Mainneachtain an painéal eadrána a bhunú

I gcás nach mbunaítear an painéal eadrána de bhun Airteagal 6, déanfaidh údarás ceapacháin BCE, arna iarraidh sin d’aon Pháirtí, an painéal eadrána a chomhdhéanamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, féadfaidh sé aon cheapachán a rinneadh cheana a chúlghairm agus gach eadránaí a cheapadh agus duine amháin acu a ainmniú mar eadránaí ceannais. Féadfaidh údarás ceapacháin BCE, má mheasann sé gurb iomchuí sin, daoine a ceapadh roimhe sin a athcheapadh.

### *Airteagal 8*

### Neamhspleáchas agus díolúine eadránaithe

1. Beidh eadránaithe neamhspleách agus neamhchlaonta, feidhmeoidh siad ina gcáil phearsanta agus ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht ná ó aon rialtas.
2. Nuair a rachfar i dteagmháil le duine maidir lena cheapachán féideartha mar eadránaí, nochtfaidh sé nó sí do na Páirtithe agus d’údarás ceapacháin BCE aon imthoisc is dócha a bheith ina chúis le hamhras inchosanta maidir lena neamhchlaontacht nó lena neamhspleáchas. Déanfaidh eadránaí, ó thráth a cheaptha agus le linn na n-imeachtaí eadrána, aon imthoisc is dócha a bheidh ina chúis le hamhras inchosanta maidir lena neamhchlaontacht nó lena neamhspleáchas a nochtadh gan mhoill do na Páirtithe agus don Bhiúró Idirnáisiúnta agus do na headránaithe eile.

3. Beidh díolúine ag na headránaithe ó imeachtaí dlíthiúla san Aontas agus sa Ghuáin maidir le gníomhartha nó neamhghníomhartha a bhaineann leis an eadráin.

### *Airteagal 9*

### **Teagmhálacha *ex parte***

1. Ní thiocfaidh an painéal eadrána le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le Páirtí in éagmais an Pháirtí eile.
2. Ní phléifidh eadránaí aon ghné d'ábhar na n-imeachtaí le Páirtí amháin ná leis an dá Pháirtí gan na headránaithe eile a bheith i láthair.

### *Airteagal 10*

### **Eadránaí a ionadú**

1. I gcás ina bhfaighidh eadránaí bás nó ina n-éireoidh sé as oifig le linn na n-imeachtaí eadrána, ceapfar nó roghnófar eadránaí ionaid de bhun an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 6 is infheidhme maidir le ceapachán nó rogha an eadránaí a gcuirfear duine eile ina ionad.
2. I gcás ina mainneoidh eadránaí gníomhú, nó nach féidir leis *de jure* nó *de facto,* a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh feidhm ag an nós imeachta chun agóid a dhéanamh in aghaidh eadránaí, agus chun eadránaí eile a chur ina ionad, a leagtar amach in Airteagal 11.
3. Má dhéantar eadránaí a ionadú, cuirfear tús arís leis na himeachtaí tráth a scoir an t-eadránaí ar cuireadh eadránaí eile ina ionad dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, mura gcinneann an painéal eadrána a mhalairt.

### *Airteagal 11*

### **Agóid a dhéanamh in aghaidh eadránaithe**

1. Féadfaidh aon Pháirtí agóid a dhéanamh in aghaidh eadránaí más ann d'imthosca atá ina gcúis le hamhras inchosanta maidir le neamhchlaontacht nó neamhspleáchas an eadránaí.
2. Ní fhéadfaidh Páirtí agóid a dhéanamh in aghaidh an eadránaí a cheap sé ach amháin ar chúiseanna a dtagann sé ar an eolas fúthu tar éis an ceapachán a dhéanamh.
3. Páirtí a bheartaíonn agóid a dhéanamh in aghaidh eadránaí, seolfaidh sé fógra faoin agóid sin laistigh de 30 lá tar éis fógra faoi cheapachán an eadránaí sin a bheith tugtha don Pháirtí a rinne an agóid nó laistigh de 30 lá tar éis don Pháirtí sin teacht ar an eolas faoi na himthosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras inchosanta maidir le neamhchlaontacht nó neamhspleáchas an eadránaí.

4. Cuirfear an fógra agóide in iúl don Pháirtí eile, don eadránaí a bhfuil agóid á déanamh ina aghaidh, do chomhaltaí eile an phainéil eadrána agus don Bhiúró Idirnáisiúnta. Sonrófar cúiseanna na hagóide san fhógra agóide.

5. I gcás ina bhfuil agóid déanta ag Páirtí in aghaidh eadránaí, féadfaidh na Páirtithe uile aontú leis an agóid. Féadfaidh an t-eadránaí freisin, tar éis na hagóide, tarraingt siar óna oifig. Ní thugtar le tuiscint leis sin i gceachtar den dá chás go nglactar le bailíocht an fhorais atá leis an agóid.

6. Más rud é, laistigh de 15 lá ó dháta an fhógra agóide, nach gcomhaontóidh an Páirtí eile leis an agóid nó nach dtarraingeoidh an t-eadránaí a ndearnadh agóid ina aghaidh siar, féadfaidh an Páirtí a dhéanfaidh an agóid roghnú leanúint den agóid. Sa chás sin, laistigh de 30 lá ó dháta an fhógra agóide, lorgóidh sé cinneadh maidir leis an agóid ó údarás ceapacháin BCE.

7. Agus cinneadh á dhéanamh aige maidir leis an agóid, féadfaidh údarás ceapacháin BCE na cúiseanna leis an gcinneadh a léiriú, mura gcomhaontóidh na Páirtithe nach dtabharfar aon chúis. Má cheadaíonn údarás ceapacháin BCE an agóid, ceapfar nó roghnófar eadránaí ionaid de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 6 is infheidhme maidir le ceapachán nó rogha an eadránaí a gcuirfear duine eile ina ionad.

## Roinn III. Imeachtaí eadrána

***Airteagal 12***

**Forálacha ginearálta**

1. Seolfaidh an painéal eadrána an eadráin ar bhealach a mheasann sé a bheith iomchuí, ar choinníoll go gcaithfear go cothrom leis na páirtithe agus go dtabharfar deis réasúnta do gach Páirtí a chás a chur i láthair ag céim iomchuí de na himeachtaí. Seolfaidh an painéal eadrána, agus a rogha á feidhmiú aige, na himeachtaí chun moill agus costas neamhriachtanach a sheachaint agus chun próiseas cothrom éifeachtúil a sholáthar chun an díospóid a réiteach.

2. Beidh an rialú ón bpainéil eadrána críochnaitheach agus ina cheangal ar an Aontas agus ar an nGuáin.

3. Cuirfidh an tAontas agus an Ghuáin rialú ón bpainéal eadrána ar fáil go poiblí ina iomláine, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

***Airteagal 13***

**Áit eadrána**

4. Is é an Háig an áit eadrána, mura gcomhaontaítear a mhalairt.

5. Féadfaidh an painéal eadrána teacht le chéile in aon áit is iomchuí leis chun earraí, maoin eile nó doiciméid a iniúchadh. Tabharfar fógra leordhóthanach do na Páirtithe chun a chur ar a gcumas dóibh a bheith i láthair ag iniúchadh den sórt sin.

### *Airteagal 14*

### Rúndacht

1. Déileálfaidh gach Páirtí agus an painéal eadrána le haon fhaisnéis mar fhaisnéis rúnda a chuirfidh an Páirtí eile faoi bhráid an phainéil eadrána agus a bheidh ainmnithe amhlaidh ag an bPáirtí eile. Nuair a chuirfidh Páirtí aighneacht i scríbhinn ina bhfuil faisnéis rúnda faoi bhráid an phainéil eadrána, déanfaidh sé, laistigh de 15 lá, aighneacht a chur isteach gan an fhaisnéis rúnda inti agus is féidir an aighneacht sin a nochtadh don phobal.
2. Ní chuirfidh aon ní sna Nósanna Imeachta sin bac ar Pháirtí ráitis faoina sheasamh féin a nochtadh don phobal. Fad nach mbeidh na himeachtaí curtha i gcrích, ní nochtfaidh Páirtí aon fhaisnéis arna hainmniú ag an bPáirtí eile mar fhaisnéis rúnda.
3. Is i seisiún dúnta a thiocfaidh an painéal eadrána le chéile nuair a bheidh faisnéis rúnda san aighneacht agus sna hargóintí de chuid Páirtí. Coinneoidh na páirtithe éisteachtaí an phainéil eadrána faoi rún nuair a thiocfaidh siad le chéile i seisiún dúnta.

### *Airteagal 15*

### *Oibríocht an phainéil eadrána*

1. Beidh an t-eadránaí ceannais ina chathaoirleach ar chruinnithe uile an phainéil eadrána. Féadfaidh an painéal eadrána an t- údarás cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an eadránaí ceannais.
2. Féadfaidh an painéal eadrána a chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh trí aon mhodh, lena n-áirítear teileafón, ríomhphost, tarchuir facs nó naisc ríomhaireachta.
3. Is iad na headránaithe amháin a fhéadfaidh páirt a ghlacadh i bplé an phainéil eadrána, ach féadfaidh an painéal eadrána cead a thabhairt do chúntóirí eadránaithe freastal ar an bplé sin.
4. Maidir le dréachtú aon rialú nó tuarascáil, is freagracht eisiach an phainéil eadrána agus an phainéil amháin i gcónaí a bheidh sé sin agus ní dhéanfar é a tharmligean.
5. I gcás ina measann an painéal eadrána go bhfuil gá le hathrú ar cheann de na tréimhsí ama le haghaidh na n- imeachtaí chun aon choigeartú a dhéanamh ar nós imeachta nó ar chúrsaí riaracháin, cuirfidh sé na Páirtithe ar an eolas i scríbhinn, tar éis dó dul i gcomhairle leo, maidir leis na cúiseanna a bheidh leis an athrú nó leis an gcoigeartú, agus maidir leis an tréimhse ama nua nó an coigeartú is gá.

*Airteagal 16*

**Tráthchlár na headrána**

1. A luaithe is indéanta tar éis a bhunaithe agus tar éis iarraidh ar na Páirtithe a dtuairimí a chur in iúl, bunóidh an painéal eadrána tráthchlár sealadach na headrána. Féadfaidh an painéal eadrána, tráth ar bith, tar éis dó cuireadh a thabhairt do na Páirtithe a dtuairimí a chur in iúl, síneadh nó giorrú a chur leis an tréimhse ama sin.

2. Laistigh de 10 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána, féadfaidh ceachtar Páirtí iarraidh réasúnaithe a chur isteach ina léirítear go bhfuil práinn leis an gcás. Sa chás sin, tabharfaidh an painéal eadrána rialú maidir leis an iarraidh sin laistigh de 15 lá ón dáta a fhaightear iarraidh den sórt sin.

*Airteagal 17*

**Cruinniú eagrúcháin**

1. Tiocfaidh na Páirtithe agus an painéal eadrána le chéile laistigh de 30 lá tar éis a bhunaithe chun a chinneadh cé na hábhair a mheasfaidh na páirtithe nó an painéal eadrána a bheith iomchuí, lena n-áirítear: (a) an luach saothair agus na costais a íocfar leis na headránaithe; (b) téarmaí tagartha an phainéil eadrána; agus (c) tráthchlár na n-imeachtaí.

2. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, is iad seo a leanas téarmaí tagartha an phainéil eadrána: (a) scrúdú a dhéanamh i bhfianaise fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe arna lua ag na Páirtithe, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar an bpainéal eadrána a bhunú; (b) cinntí a dhéanamh maidir le comhréireacht birt atá i gceist le forálacha an Chomhaontaithe; agus (c) rialú a thabhairt.

*Airteagal 18*

**Aighneachtaí i scríbhinn**

Cuirfidh an Páirtí is déantóir gearáin a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil eadrána. Cuirfidh an freagróir a aighneacht i scríbhinn isteach 20 lá ar a dhéanaí tar éis dháta seachadta aighneachta i scríbhinn an Pháirtí is déantóir gearáin.

*Airteagal 19*

**Éisteachtaí**

1. Ar bhonn na féilire a leagfar amach sa chruinniú eagrúcháin, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus leis na headránaithe eile, tabharfaidh an t-eadránaí ceannais fógra do na Páirtithe faoi dháta, am agus áit na héisteachta. Faoi réir mhír 6, cuirfidh an Páirtí a mbeidh an éisteacht ar siúl ina chríoch an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

2. Féadfaidh an painéal eadrána éisteachtaí breise a thionóil má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh.

3. Beidh na headránaithe uile i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.

4. féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an éisteacht ar oscailt don phobal. Tá freastal faoi réir comhaontú a fháil roimh ré ó na Páirtithe.

   (a) ionadaithe Páirtí;

   (b) comhairleoirí, cúntóirí agus foireann riaracháin chuig na headránaithe;

   (c) saineolaithe, arna gcinneadh ag an bpainéal eadrána;

   (d) finnéithe;

   (e) tríú páirtithe.

5. Tráth nach déanaí ná 7 lá roimh dháta éisteachta, déanfaidh gach Páirtí liosta ainmneacha na ndaoine a sheachadadh chuig an bpainéal eadrána agus chuig an bPáirtí eile, daoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin, ionadaithe eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht agus finnéithe a thabharfaidh fianaise ag an éisteacht.

6. Beidh éisteachtaí an phainéil eadrána ar oscailt don phobal, mura gcinnfidh an painéal eadrána a mhalairt as a stuaim féin nó arna iarraidh sin do na Páirtithe.

7. Déanfaidh an painéal eadrána, i gcomhairle leis na Páirtithe, cinneadh maidir le nósanna imeachta agus socruithe lóistíochta iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar éisteachtaí atá ar oscailt don phobal a bhainistiú ar bhealach éifeachtach. Féadfaidh go n-áireofar sna nósanna imeachta seo craoladh beo gréasáin nó teilifís ciorcaid iata a úsáid

8. Seolfaidh an painéal eadrána an éisteacht mar a leanas, agus áiritheoidh sé go dtabharfar am comhionann don Pháirtí is déantóir gearáin agus don fhreagróir ó thaobh argóinte agus frisnéise araon:

   <u>An argóint</u>

   (a) argóint an Pháirtí is déantóir gearáin;

   (b) argóint an fhreagróra.

   <u>An argóint frisnéise</u>

   (a) freagra an Pháirtí is déantóir gearáin;

   (b) frithfhreagra an fhreagróra.

9. Féadfaidh an painéal eadrána ceisteanna a dhíriú ar cheachtar Páirtí nó ar aon fhinné tráth ar bith le linn na héisteachta.

10. Déanfaidh an painéal eadrána socrú ionas go ndéanfar tras-scríbhinn na héisteachta a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe laistigh de 7 lá tar éis na héisteachta. Féadfaidh na Páirtithe barúil a thabhairt faoin tras-scríbhinn, agus féadfaidh an painéal eadrána na barúlacha sin a mheas.

11. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht fhorlíontach i scríbhinn a sheachadadh maidir le haon ábhar a tháinig chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá ó dháta na héisteachta.

***Airteagal 20***

**Mainneachtain**

1. Mura dtiocfaidh ceann de na Páirtithe, ar tugadh fógra cuí dó faoi na nósanna imeachta sin, i láthair ag éisteacht gan cúis leordhóthanach a bheith leis an mainneachtain sin, féadfaidh an painéal eadrána dul ar aghaidh le headráin.

2. Mura ndéanfaidh ceann de na Páirtithe, a gceanglaítear air go cuí fianaise dhoiciméadach a sholáthar, é sin a dhéanamh laistigh den teorainn ama a leagtar síos, gan cúis leordhóthanach a thabhairt leis an mainneachtain sin, féadfaidh an painéal eadrána an rialú a thabhairt ar an bhfianaise os a chomhair.

***Airteagal 21***

**Ceisteanna i scríbhinn**

1. Féadfaidh an painéal eadrána, tráth ar bith le linn na n- imeachtaí, ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid Páirtí amháin nó an dá Pháirtí. Déanfar aon cheist a chuirfear faoi bhráid Páirtí amháin a chóipeáil chuig an bPáirtí eile.

2. Tabharfaidh gach Páirtí cóip dá fhreagraí ar cheisteanna arna gcur isteach ag an bpainéal eadrána don pháirtí eile. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha i scríbhinn a sholáthar maidir le freagraí an Pháirtí laistigh de 7 lá tar éis an chóip sin a sheachadadh.

***Airteagal 22***

**Tríú páirtithe**

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh an painéal eadrána aighneachtaí i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó dhuine nádúrtha de chuid Páirtí nó ó dhuine dlítheanach atá bunaithe i gcríoch Páirtí atá neamhspleách ar rialtais na bPáirtithe, ar choinníoll an méid seo a leanas maidir leis na haighneachtaí:

   (a) go bhfaighidh an painéal eadrána iad laistigh de 10 lá ó dháta bunaithe an phainéil eadrána;

   (b) go mbeidh siad ábhartha go díreach le saincheist fhíorasach nó dhlíthiúil atá á meas ag an bpainéal eadrána;

(c) go mbeidh tuairisc sna haighneachtaí ar an duine a bhfuil an aighneacht á déanadh aige, lena n-áirítear a náisiúntacht i gcás duine nádúrtha, agus i gcás duine dlítheanach áit a bhunaithe, cineál a ghníomhaíochtaí, a stádas dlíthiúil, a chuspóirí ginearálta agus a fhoinse maoinithe; agus

(d) go sonrófar iontu an cineál leasa atá ag an duine in imeachtaí an phainéil eadrána.

2. Déanfar na haighneachtaí a sheachadadh chuig na Páirtithe ionas gur féidir leo a mbarúlacha a thabhairt fúthu. Féadfaidh na páirtithe a mbarúlacha a thabhairt don phainéal eadrána laistigh de 15 lá tar éis a sheachadta.

3. Liostóidh an painéal eadrána ina rialú na haighneachtaí uile a fuair sé de bhun mhír 1 den Airteagal. Níl sé de cheangal ar an bpainéal eadrána aghaidh a thabhairt ina thuarascáil ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí.

4. I gcás ina gcinnfidh an painéal eadrána aghaidh a thabhairt ina thuarascáil ar na hargóintí a luaitear sna haighneachtaí, cuirfidh sé san áireamh freisin aon bharúil a thabharfaidh na Páirtithe de bhun mhír 2 den Airteagal seo.

### *Airteagal 23*

### Saineolaithe

1. Féadfaidh an painéal eadrána saineolaí amháin nó níos mó a cheapadh chun tuairisciú dó, i scríbhinn, ar shaincheisteanna sonracha a bheidh le cinneadh ag an bpainéal. Cuirfear cóip de théarmaí tagartha an tsaineolaí arna mbunú ag an bpainéal in iúl do na Páirtithe.

2. Ar thuarascáil an tsaineolaí a fháil, seolfaidh an painéal eadrána cóip chuig na Páirtithe, a dtabharfar deis dóibh a dtuairim ar an tuarascáil a chur in iúl i scríbhinn. Beidh Páirtí i dteideal scrúdú a dhéanamh ar aon doiciméad a bhfuil tuarascáil an tsaineolaí ag brath air.

3. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, tar éis an tuarascáil a sheachadadh, féadfar éisteacht a thabhairt don saineolaí ag éisteacht, i gcás ina mbeidh deis ag na Páirtithe an saineolaí a cheistiú. Ag an éisteacht sin, féadfaidh ceachtar Páirtí finnéithe saineolacha a chur i láthair chun fianaise a thabhairt maidir leis na pointí atá i gceist.

## Roinn IV. Rialuithe ón bpainéal eadrána

### *Airteagal 24*

### Cinntí

Déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht cinntí a dhéanamh de chomhthoil. I gcás nach féidir cinneadh a dhéanamh de chomhthoil, déanfar cinneadh faoin ábhar trí vótáil tromlaigh.

### *Airteagal 25*

**Foirm an rialaithe**

1. Beidh an rialú i scríbhinn agus leagfar amach na cinntí fíorais, infheidhmeacht fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe, agus an réasúnaíocht le haon chinneadh agus aon chonclúid.

2. Síneoidh na headránaithe an rialú agus cuimseofar an dáta a rinneadh é agus léireofar an áit eadrána. I gcás nach síneoidh aon duine de na headránaithe é, sonrófar sa rialú an chúis nach ndearnadh an síniú nó na sínithe.

**Airteagal 26**

**Léirmhíniú an rialaithe**

1. Laistigh de 30 lá tar éis an rialú a fháil, féadfaidh ceachtar Páirtí, ag a bhfuil fógra don Pháirtí eile, agus d'údarás ceapacháin BCE iarraidh ar an bpainéal eadrána léirmhíniú a thabhairt ar an rialú.

2. Tabharfar an léirmhíniú i scríbhinn laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh a fháil. Beidh an léirmhíniú mar chuid den rialú agus beidh feidhm ag forálacha Airteagail 15 agus 25, de réir mar is iomchuí.

***Airteagal 27***

**Ceartú an rialaithe**

1. Laistigh de 30 lá tar éis an rialú a fháil, féadfaidh ceachtar Páirtí, ag a bhfuil fógra don Pháirtí eile, agus d'údarás ceapacháin BCE iarraidh ar an bpainéal eadrána aon earráid sa ríomh, aon earráid chléireachais nó chlóghrafaíochta, nó aon earráid den chineál céanna sa rialú a cheartú. Mar sin féin, féadfaidh an painéal eadrána na ceartúcháin sin a dhéanamh ar a thionscnamh féin laistigh de 30 lá tar éis an rialú a chur in iúl.

2. Déanfar na ceartúcháin uile i scríbhinn agus beidh siad mar chuid den rialú agus beidh feidhm ag forálacha Airteagail 15 agus 25, de réir mar is iomchuí.

***Airteagal 28***

**Rialú breise**

1. Laistigh de 30 lá tar éis an rialú a fháil, féadfaidh ceachtar Páirtí, ag a bhfuil fógra don Pháirtí eile, agus d'údarás ceapacháin BCE iarraidh ar an bpainéal eadrána rialú breise a dhéanamh ar éilimh a chuirtear i láthair sna himeachtaí eadrána ach a fhágtar ar lár ón rialú.

2. Má mheasann an painéal eadrána go bhfuil údar cuí leis an iarraidh ar rialú breise agus má mheasann sé gur féidir an neamhghníomh a cheartú gan tuilleadh éisteachtaí ná fianaise, déanfaidh sé an rialú breise laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh a fháil.

3. Má dhéantar rialú breise, beidh feidhm ag Airteagail 15 agus 25, de réir mar is iomchuí.

### *Airteagal 29*

### An rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh

1. Déanfaidh na Páirtithe aon bheart is gá chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh de mheon macánta. Comhaontóidh na Páirtithe laistigh de 10 lá tar éis fógra a fháil faoin rialú ón bpainéal eadrána maidir le tréimhse réasúnta ama chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh. I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir leis an tréimhse réasúnta ama chun rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh, iarrfaidh ceachtar Páirtí i scríbhinn ar an bpainéal eadrána bunaidh fad na tréimhse réasúnta ama a chinneadh agus tabharfaidh sé fógra, an tráth céanna, don Pháirtí eile de bhun mhír 7. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse réasúnta ama trí chomhaontú frithpháirteach idir an tAontas agus an Ghuáin.

2. I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir le comhoiriúnacht aon bhirt leis an rialú ón bpainéal eadrána, féadfaidh Páirtí iarraidh i scríbhinn ar an bpainéal eadrána rialú ar an ábhar. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra faoina rialú laistigh de 90 lá nó i gcásanna práinne laistigh de 45 lá ón dáta a chuirfear an iarraidh isteach.

   I gcás nach féidir leis an bpainéal eadrána bunaidh, nó cuid de na headránaithe, ationól chun iarraidh a mheas, bunófar painéal eadrána nua mar a leagtar amach in Airteagal 6. Is é 60 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána nua a bheidh sa teorainn ama chun fógra a thabhairt faoin rialú.

3. Má rialaíonn an painéal eadrána gur mhainnigh Páirtí an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh, forchuirfidh sé sprioc-am nua maidir le comhlíonadh.

   Má leanann an Páirtí de gan an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh, beidh an Páirtí eile i dteideal, ar fhógra a thabhairt don fhreagróir, an Comhaontú a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 28 den Chomhaontú. Beidh aon fhionraí a dhéanfar comhréireach leis an sárú oibleagáide lena mbaineann agus, lena gcuirfear san áireamh tromchúis an tsáraithe agus na cearta i dtrácht agus, i gcás ina mbeidh an fhionraí bunaithe ar an bhfíoras go leanann an freagróir de gan an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh.

   Beidh aon fhionraí sealadach agus ní chuirfear i bhfeidhm í go dtí go gcomhlíonfaidh an Páirtí an rialú ón bpainéal eadrána, nó go dtí go gcomhaontóidh na Páirtithe an díospóid a réiteach ar bhealach eile.

4. Tabharfaidh an Páirtí fógra do CFAA agus don Pháirtí eile faoi aon bheart atá déanta aige chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh agus faoina iarraidh chun deireadh a chur leis an bhfionraí a chuir an Páirtí eile i bhfeidhm.

5. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar leis an mbeart a fógraíodh an Páirtí a thabhairt i gcomhréir le rialú ón bpainéal eadrána laistigh de 45 lá ón dáta a chuirfear fógra isteach, féadfaidh ceachtar Páirtí iarraidh i scríbhinn ar an bpainéal eadrána bunaidh rialú faoin ábhar. Tabharfar fógra faoin iarraidh sin an tráth céanna don Pháirtí eile.

   I gcás nach féidir leis an bpainéal eadrána bunaidh, nó cuid de na headránaithe, ationól chun iarraidh a mheas, bunófar painéal eadrána nua mar a leagtar amach in Airteagal 6. Tabharfar fógra faoin rialú ón bpainéal eadrána do na Páirtithe agus do CFAA laistigh de 75 lá ón dáta a chuirfear an iarraidh isteach.

6. I gcás nach féidir leis an bpainéal eadrána bunaidh, nó cuid dá chomhaltaí, ationól chun iarraidh a mheas faoi mhír 2, bunófar painéal eadrána nua mar a leagtar amach in Airteagal 6. Is é 90 lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána nua a bheidh sa tréimhse ama chun fógra a thabhairt faoin rialú ón bpainéal eadrána nua.

### *Airteagal 30*

### Réiteach nó foras eile le haghaidh foirceannta

1. Más rud é, sula ndéanfar an rialú, go gcomhaontóidh na Páirtithe an díospóid a réiteach, eiseoidh an painéal eadrána ordú chun na himeachtaí eadrána a fhoirceannadh nó, má iarrann an dá Pháirtí amhlaidh agus má ghlacann an painéal leis, déanfaidh sé an réiteach a thaifeadadh i bhfoirm rialú eadrána ar théarmaí comhaontaithe. Níl sé de cheangal ar an bpainéal eadrána cúiseanna a thabhairt le rialú ar théarmaí comhaontaithe.

2. Más rud é, sula ndéanfar an rialú, go mbeidh sé dodhéanta leanúint de na himeachtaí eadrána nó go mbeidh sé neamhbhríoch ar aon chúis nach luaitear i mír 1, cuirfidh an painéal eadrána in iúl do na Páirtithe go bhfuil sé ar intinn aige ordú a eisiúint mura dtabharfaidh Páirtí foras inchosanta leis an agóid. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin ansin agus é d'aidhm acu an díospóid a réiteach.

## Roinn V. Costais

### *Airteagal 31*

### Costais

1. Socróidh an painéal eadrána costais na headrána ina rialú. Ní chuimsítear leis an téarma 'costais' ach an méid seo a leanas:

(a) táillí an phainéil eadrána, a shonrófar ar leithligh le haghaidh gach eadránaí agus a shocróidh an painéal eadrána i gcomhréir leis na táillí laethúla a chomhaontaigh na Páirtithe tráth a ceapadh na headránaithe;

(b) costais taistil agus costais eile arna dtabhú ag na headránaithe;

(c) na costais a bhaineann le sainchomhairle agus le cúnamh eile a theastaíonn ón bpainéal eadrána;

(d) costais taistil agus costais eile arna dtabhú ag finnéithe má fhormheasann an painéal eadrána na costais sin.

2. I bprionsabal, is é an Páirtí nár éirigh leis a íocfaidh costais na headrána. Mar sin féin, féadfaidh an painéal gach ceann de na costais sin a chionroinnt idir na Páirtithe má chinneann sé go bhfuil an chionroinnt sin réasúnta, agus imthosca an cháis á gcur san áireamh.

3. Ní fhéadfaidh painéal eadrána aon táille breise a ghearradh as a rialú a léirmhíniú, a cheartú nó cur leis.

### *Airteagal 32*

### Costais a thaisceadh

1. Féadfaidh an painéal eadrána, tráth a bhunaithe, iarraidh ar gach Páirtí an méid céanna a thaisceadh mar airleacan maidir leis na costais dá dtagraítear in Airteagal 31.

2. Le linn na n-imeachtaí eadrána, féadfaidh an painéal eadrána taiscí forlíontacha a iarraidh ar na Páirtithe.

3. Mura n-íocfar na taiscí is gá ina n-iomláine laistigh de 30 lá tar éis an iarraidh a fháil, cuirfidh an painéal eadrána na Páirtithe ar an eolas ionas go bhféadfaidh ceann amháin nó ceann eile acu an íocaíocht is gá a dhéanamh. Mura ndéantar íocaíocht den sórt sin, féadfaidh an painéal eadrána ordú na himeachtaí eadrána a chur ar fionraí nó iad a fhoirceannadh.

4. Tar éis don rialú a bheith déanta, tabharfaidh an painéal eadrána cuntas ar na taiscí a fuarthas ó na Páirtithe agus tabharfaidh sé aon iarmhéid nach bhfuil caite ar ais do na Páirtithe.